





# Paca Gníomhaíochtaí um Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta

Education for Sustainable Development

TOOLS FOR SOLIDARITY







# Maidir leis an Phaca (Gníomhaíochtaí) seo

## Aidhm agus Nótaí Buíochais

Is é an aidhm atá ag an Phaca Gníomhaíochtaí seo de chuid Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta (Tools For Solidarity / TFS), ná na topaicí a chlúdaítear i mbunscoileanna mar pháirt den chlár um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) de chuid na heagraíochta a neartú. Cuimsítear leo siúd: bochtanas, cóirthrádáil, neamhionannas, acmhainní agus inbhuanaitheacht agus an saol sa Tansáin. Sin ráite, is féidir le hoideoirí, múinteoirí agus ceannairí óige an paca gníomhaíochtaí seo a úsáid go neamhspleách ar an chlár, nó mar acmhainn foghlama baile.

Ní thiocfadh an acmhainn seo a chruthú gan am, fuinneamh agus cruthaitheacht oibrithe deonacha TFS, Noel, Jennifer, Rahel, Sam, Paul, Manon, Birgit agus Daria. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do roinnt daoine sa Tansáin fosta as an am a ghlacadh le labhairt linn faoina dtír agus faoina gcultúr. Ár mbuíochas le Emmanuel Chipaka, Tuntufye Hebron Kaponela, Magreth Saimon Nyimbo, Mr Mwandobo, Jofley Romanus Mlowe agus Rachel Balthazard. Ár mbuíochas fosta leis na daltaí sa Tansáin a labhair le baill TFS – is iad sin Sweetbeth Augustino Mahenge, Clever Mhonijma, Christopher Emmanuel, Martin Bahati Sanga, Rayson Kihega agus a gcomhscoláirí.

Tá Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta an-bhuíoch as an obair ata déanta ag daoine san earnáil Gaeilge chun an leagan Gaeilge den leabhrán seo a chur ar fáil.

Tugann Irish Aid ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha maoiniú don áis seo. Is clár forbartha thar lear de chuid an Rialtais é Irish Aid, clár a thugann tacaíocht do chomhpháirtithe atá ag obair i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan. Tugann Irish Aid tacaíocht fosta do shaoránacht dhomhanda agus oideachas faoi fhorbairt in Éirinn chun foghlaim agus rannpháirtíocht phoiblí le saincheisteanna domhanda a spreagadh. Is iad na húdair amháin atá freagrach as na smaointe, na barúlacha agus na ráitis san áis seo agus ní gá go léiríonn sé seo polasaí atá ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# An Bealach leis an Phaca a Úsáid

Is féidir leat dul fríd an phaca ó thús go deireadh nó gníomhaíochtaí a roghnú ó leathanach chlár na n-ábhar. Tá freagraí ar fáil ag cúl an phaca (lch. 38). Cuireadh na gníomhaíochtaí le chéile ar bhealach atá dírithe ar chodanna churaclam Éireann agus Tuaisceart na hÉireann: 'Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint'; 'An Domhan Thart Orainn' agus 'Mé Féin agus an domhan níos leithne' agus 'Feasacht agus cúram Comhshaoil' faoi seach. Tá na gníomhaíochtaí dírithe ar pháistí ag leibhéal Eochairchéim 2 nó orthu siúd atá sa tríú, ceathrú nó cúigiú rang.

Cé go raibh roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí ceaptha ag TFS, glacadh roinnt eile ó bhfoinsí eile. Léirítear na foinsí seo ag bun na leathanach ábhartha. Tá raon leathan áiseanna teagaisc úsáideacha ag na suíomhanna gréasáin léirithe. Tá súil againn go mbainfidh tú sult as na gníomhaíochtaí!

# Clár um Oideachas d'Fhorbairt Inbhuanaitheachta / Education for Sustainable Development (ESD) Programme

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an chlár ESD féach ár suíomh gréasáin nó gabh i dteagmháil linn: http://educationforsustainabledevelopment.weebly.com/

Ríomhphost: tools.belfast@myphone.coop
Guthán: 028 9543 5972
Seoladh: Tools For Solidarity, 55a Sunnyside Street, Belfast, BT7 3EX

Róisín Ní Shluáin
Oifigeach Oideachais TFS
Mí Feabhra 2023

# Ábhair


| | |
|---|---|
| An Áit Chothrom í an Domhain | 1 |
| Neamhionannas Inscne | 2 |
| Neamhionannas: Cén fáth a bhfuil tábhacht le hOideachas? | 3 |
| Ag diúltú don Neamhionannas | 4 |
| Maidir leis an Afraic | 5 |
| Déan Tráth na gCeist duit féin | 6 |
| Foghlaim faoin Afraic le Dúradáin | 7 |
| Déan do chuid Dúradán féin | 8 |
| An Tansáin: Comhad Fíricí na Tíre | 9 |
| An Tansáin: Ainmhithe | 10 |
| An tSvahaílis: Teanga Oifigiúil na Tansáine | 11 |
| Foghlaim Teanga Eile | 13 |
| Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta: Bochtanas | 14 |
| Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta: Cad chuige 'Uirlisí'? | 15 |
| An Aithníonn tú na hUirlisí seo? | 17 |
| Cuardach Focal – Uirlisí ar Iarraidh | 18 |
| An Scoil agus an Saol sa Tansáin: Cad é a deir na Daltaí? | 19 |
| Ar Scoil sa Tansáin: Léargas ó na Múinteoirí | 21 |
| Colláis le Grianghraif ón Tansáine | 22 |
| Déan do Chulláis le Grianghraif féin | 23 |
| Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil | 24 |
| Cad iad na Táirgí a thagann ón Afraic? | 26 |
| Cad é an rud é 'an Chóirthrádáil' (Fairtrade)? | 28 |
| Léitheoireacht: Bláthanna Cóirthrádála (Fairtrade) | 31 |
| Cluiche boird na Cóirthrádála | 34 |
| Freagraí | 38 |

# An Áit Chothrom í an Domhain?

An raibh a fhios agat go bhfuil beagnach 7.8 billiún duine ann ar fud na cruinne?
Sin 7, 800, 000, 000 duine cosúil liomsa agus leatsa – sin cuid mhór daoine!




Ligimis orainn gur sráidbhaile é an domhain ina bhfuil 100 duine ann.
Bheadh 50 bean ann, agus 50 fear.
Bheadh 25 pháiste ann, agus 75 dhuine fásta.

Do na ceisteanna a leanas, cuir ciorcal thart ar an uimhir atá ceart, i do bharúil.

1. Cé mhéad de mhuintir an tsráidbhaile nach mbeadh uisce glan acu?
   4 9 16
2. Cé mhéad de mhuintir an trsáidbhaile nach mbeadh go leor bia acu?
   12 1 5
3. Cé mhéad duine nach mbeadh foscadh/dídean acu?
   2 12 22
4. Cé mhéad duine nach mbeadh leictreachas acu?
   15 18 25
5. Cé mhéad duine sa tsráidbhaile nach mbeadh ábalta léamh nó scríobh?
   2 4 14

Cinntigh na freagraí ag cúl an phaca. Is ionann an sráidbhaile seo agus an domhan. An áit chothrom í? Cad chuige?

Fíricí ó fhíseán le *Knowva Academy*: https://www.youtube.com/watch?v=A3nllBT9ACg

# Neamhionannas Inscne

Smaoinímis ar cheist uimhir a 5 ar an leathanach roimhe seo. Níl léamh nó scríobh ag 14% den domhan. An raibh a fhios agat gur mná iad dhá thrian de na daoine seo?

Níl anseo ach fíric amháin a léiríonn nach mbíonn a oiread céanna deiseanna ag mná agus a bhíonn ag fir ar an domhan seo. Is ionann seo agus neamhionannas inscne. Léigh na fíricí thíos le níos mó a fhoghlaim.

1. Tá breis agus 130 milliún cailín nach bhfuil ag freastal ar scoil.




2. Maidir le cumhacht agus cinnteoireacht, ní raibh ach 28% de na poist bhainisteoireachta ag mná go domhanda in 2019 — chóir a bheith an sciar céanna agus a bhí ann in 1995.




3. I ngnáthlá, caitheann mná thart fá trí oiread uaireanta ar obair tí agus obair chúraim agus a chaitheann fir.





4.Go domhanda, saothraíonn mná 16% níos lú ná fir ar an mheán.



5.Tá sé dleathach d'fhir chéile cosc a chur ar a gcuid ban chéile a bheith ag obair in 18 dtír.

Fíricí
1. https://malala.org/girls-education?sc=header
2. The world's women 2020. Trends and Statistics le UN Department for Economic and Social Affairs
3. UN – https //worlds-women-2020-dat-undesa.hub.arcgis.com/
4. Oxfam International Women's Day Slideshow (updated for 2022) – ar fáil ar shuíomh gréasáin Oxfam Education
5. Oxfam International Women's Day Slideshow (updated for 2022) – ar fáil ar shuíomh gréasáin Oxfam Education


Tá a thuilleadh áiseanna teagaisc ar fáil ag: https://economistfoundation.org/resources/ - The Economist Educational Foundation's Girls in Education resource

# Neamhionannas: Cén fáth a bhfuil tábhacht le hOideachas?

Tarraing pictiúr sa spás thíos agus scríobh roinnt abairtí chun an t-ábhar is fearr leat ar scoil a léiriú. Cad iad na topaicí ar fhoghlaim tú futhu i mbliana? Cé astu ar bhain tú an taitneamh is mó?



**Déan do mhachnamh:** Ar an leathanach roimhe seo chonaic muid go bhfuil 130 milliún cailín nach bhfuil ag freastal ar scoil. Cad iad na rudaí nárbh fhéidir leat a dhéanamh dá mba rud é nár fhreastail tú ar scoil riamh?



Ar an leathanach roimhe seo chonaic muid cuid den tionchar atá ag an neamhionannas inscne ar mhná. Tá cineálacha éagsúla eile de neamhionannais ann. B'fhéidir nach mbeadh an oiread céanna cearta nó deiseanna ag daoine mar gheall ar a gcine, a ndath, a reiligiún, a ngnéasacht, a míchumas, a gcúlra nó mar gheall ar an cheantar as a dtagann siad.

An méid sin ráite, áfach, tá mol samplaí ann de dhaoine sa lá atá inniu ann agus le linn na staire a dhiúltaigh glacadh le neamhionannas. Léigh faoi Malala Yousafzai ar an chéad leathanach eile go bhfoghlaimeoidh tú faoin dóigh ar sheas sí in éadán an neamhionannais.

Tá acmhainní teagaisc eile ar fáil ag: https://economistfoundation.org/resources/ - The Economist Foundation's Girls in Education resource

# Ag diúltú don Neamhionannas

**Ainm**: Malala Yousafzei

**Dáta Breithe**: 12 Iúil 1997 sa Phacastáin



**Scéal**: Sa bhliain 2008 cuireadh cosc uirthi dul ar scoil de bharr gur cailín í. Labhair sí amach go poiblí ar son cailíní agus a gcuid cearta chun foghlama. Díríodh droch-aird uirthi mar gheall air seo. Scaoileadh í agus í ar a bealach abhaile ón scoil sa bhliain 2012... ach mhair sí. I ndiaidh míonna d'obráidí agus d'athshlánú chuaigh sí chuig an Ríocht Aontaithe, áit a raibh a teaghlach ag fanacht léi. Bhunaigh sí an Malala Fund le cuidiú óna hathair. Oibríonn an carthanas seo le cinntiú go mbíonn 12 bhliain d'oideachas ag gach cailín fud fad an domhain.

A leithéid de scéal! Anois tá sé in am duitse giota taighde a dhéanamh! Faigh amach faoi dhuine a sheas in éadán an neamhionannais. Críochnaigh an próifíl thíos, ag baint úsáide as an cheann thuas mar shampla. Tá cúpla moladh thíos maidir le cé ar féidir leat taighde a dhéanamh orthu, nó is féidir leat do smaoineamh féin a úsáid ar ndóigh!

**Moltaí:** Rosa Parks     Martin Luther King Jr     Helen Keller

**Ainm:** ______________________

**Dáta Breithe:** ______________________

**Scéal:**
______________________
______________________
______________________
______________________
______________________
______________________
______________________

Eolas faoi Malala Yousafzai ó shuíomh gréasáin The Malala Fund: https://malala.org/malalas-story
grianghraf – aitheantas: Malin Fezehai do Malala Fund
Tá a thuilleadh áiseanna teagaisc ar fáil ag: https://economistfoundation.org/resources/ - The Economist Educational Foundation's Girls in Education resource

# Maidir leis an Afraic

1. Cé mhéad duine a bhfuil cónaí orthu san Afraic?
   - thart ar 1,000
   - thart ar 1 milliún
   - thart ar 1 billiún
2. Cé mhéad tír atá san Afraic?
   - 14
   - 54
   - 34
3. Cén t-ainm atá ar an sliabh is airde san Afraic?
   - Everest
   - Mont Blanc
   - Kilimanjaro
4. Cén t-ainm atá ar an loch is mó san Afraic?
   - Eleanor
   - Victoria
   - Elizabeth
5. Cén t-ainm atá ar an abhainn is faide san Afraic?
   - An Ganges
   - An Rio Grande
   - An Níl
6. Cén t-ainm atá ar an tír is mó san Afraic?
   - An Ailgéir
   - An Tansáin
   - Mósaimbíc
7. Cén t-ainm atá ar an tír is lú san Afraic?
   - Na Séiséil
   - An tSúdáin
   - Gána
8. Cé mhéad teanga a labhraítear san Afraic?
   - timpeall 20
   - timpeall 200
   - timpeall 2, 000

Tá súil againn gur fhoghlaim sibh cuid mhór faoin Afraic! Anois caithfidh tú féin tráth na gceist a dhéanamh bunaithe ar thír nó ar mhór-roinn eile. Críochnaigh na ceisteanna thíos agus smaoinigh ar chúpla ceann eile de do chuid féin. Ansin iarr ar do chairde, do theaghlach, agus fiú ar do mhúinteoir iad a fhreagairt!



# Maidir le

....................

**Cé mhéad duine a bhfuil cónaí orthu ......................?**

- 
- 
- 

**Cé mhéad....................................?**

- 
- 
- 

**Cén t-ainm atá ar...........................?**

- 
- 
- 

**Cad é.................................... ?**

- 
- 
- 

...........................................................................?

- 
- 
- 

...........................................................................?

- 
- 
- 

...........................................................................?

- 
- 
- 

...........................................................................?

- 
- 
- 

# Foghlaim faoin Afraic le Dúradáin!

**Treoracha**

Gearr thart ar na línte tiubha ar na dronuilleoga. Ba cheart go mbeadh 12 dhúradán agat ar deireadh.
Déan na dúradáin a mheascadh. Tá leid ar an taobh gorm ar féidir a chur leis na freagraí glasa.
Eagraigh na dúradáin i gcearnóg mhór sa dóigh 'is go bhfuil gach leid taobh leis an fhreagra cuí.
Faoi dheireadh, ba cheart go mbeadh dronuilleog dúnta agat. Cinntigh na freagraí ar chúl an leabhráin nuair a bheidh tú críochnaithe. Ádh mór ort!
1-3 imreoir

| | | | |
|---|---|---|---|
| Crann baobab | Teanga Oifigiúil na Tansáine | Svahaílis | An sliabh is airde san Afraic |
| Kilimanjaro | An Pháirc Náisiúnta is sine sa Tansáin | Serengeti | Tá teorainn ag an tír seo leis an Tansáin |
| An Chéinia | Gníomhaí ar son cearta daonna agus an chéad uachtarán dubh san Afraic Theas | Nelson Mandela | Chreid na hÉigiptigh fadó go raibh na hainmhithe seo beannaithe |
| Cait | Níl na hainmhithe seo le fáil áit ar bith seachas san Afraic | Gnúnna | Tá beagnach ___% de dhaoine fásta san Afraic gan léamh ná scríobh |
| 40% | Tá níos mó na ___% de mhuintir na hAfraice faoi 25 bhliain d'aois | 50% | An fharraige idir an Afraic agus an Eoraip |
| An Mheánmhuir | Ritheann an abhainn is faide ar domhan trí Thuaisceart na hAfraice | An Níl | Tá stoc na gcrann seo an-tiubh agus faightear san Afraic don chuid is mó iad |

# Déan do chuid Dúradán féin

Tá súil againn gur bhain sibh sult as cluiche dúradán na hAfraice! Cad chuige nach ndéanfá do leagan féin den chluiche dúradán anois? Is féidir úsáid a bhaint as an teimpléad thíos.

Roghnaigh ábhar agus déan 12 leid le 12 fhreagra.

Smaointe:

- An Domhan
- Ainmhithe
- An tSean-Ghréig
- Eolaíocht
- Leabhair

Thiocfadh leat na freagraí a dhéanamh mar phictiúir, más maith leat a bheith ag tarraingt, nó mar fhocail (mar atá sa sampla).

1. Scríobh na freagraí ar an taobh chlé de na dúradáin. Cuirtear na leideanna ar an taobh dheis (ach déan cinnte nach gcuireann tú an freagra ceart ar an dúradán céanna!)
2. Gearr thart ar na línte tiubha.
3. Anois tá 12 dhúradán agat agus tá tú réidh le himirt le do chairde!


## Comhad Fíricí na Tíre

# An Tansáin

**Daonra:** 58 Milliún (32 x níos mó ná T.Éireann)
**Méid/Achar:** 947, 300 ciliméadar cearnach (68 x níos mó ná T.Éireann)
**Príomhchathair:** Dodoma
**Teanga:** Svahaílis (+ níos mó ná 100 teanga eile!)
**Airgeadra:** An Scilling Tansánach
**Meánphá:** £15 in aghaidh an lae








Eolas: *Wikipedia*; Íomhánna: *Canva*

# An Tansáin: Ainmhithe

Fiosraigh faoi na fíricí ar iarraidh a bhaineann leis an Tansáin.
Nod: cuardaigh An Tansáin ag www.natgeokids.com

## An Tansáin

Dathaigh isteach bratach na Tansáine -->



Is i stíl Tingatinga na Tansáine atá an pictiúr thíos. Cuir lipéad ar na hainmhithe.


Cén t-ainm atá ar an sliabh seo? Is é an sliabh is airde san Afraic é.

1. K___________

2. g__

3. gasail
-- - ---

4. ________



5. _____f

6. _____

**Cad iad na hainmhithe Tansánacha atá ar iarraidh?**

7. l___ 8. c_____l 9. s________n___

# An tSvahaílis

## Teanga Oifigiúil na Tansáine

Dá mba rud é go bhfaca tú The Lion King, is dócha go bhfuil giota Svahaílise agat cheana féin: Hakuna matata (a chiallaíonn: Ná bí buartha)!

Tá cuid mhór seanfhocal críonna sa tSvahaílis. An féidir leatsa iad a rá os ard? Cad é is ciall leo, i do bharúil?

**Wapiganapo tembo wawili ziumiazo nyasi**
Aistriúchán: "Nuair a bhíonn dhá eilifint ag troid, is é an féar a bhíonn gortaithe."
Ciall: Nuair a bhíonn daoine saibhre, cumhachtacha ag troid, is iad na daoine bochta gan chumhacht a bhíonn ag fulaingt.

**Haraka haraka haina baraka**
Aistriúchán: "Ní bhíonn beannacht ag deifir deifir."
Ciall: ____________________________________________________________

**Hakuna masika yasiyokuwa na mbu**
Aistriúchán: "Ní bhíonn séasúr na báistí ann gan muiscítí"
Ciall: ____________________________________________________________



# An tSvahaílis

## Teanga Oifigiúil na Tansáine

Seo cúpla frása úsáideach sa tSvahaílis:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dia duit | **Habari** | Cad é mar atá tú? | **Hujambo?** |
| Slán | **Kwaheri** | Tá mé go breá, go raibh maith agat | **Sijambo, asante** |
| Tchífidh mé ar ball thú! | **Baadae!** | Níl mé go maith | **Sijisikii vizuri** |
| Le do thoil | **Tafadhali** | Is mise... | **Jina langu ni...** |
| Go raibh maith agat | **Asante** | Deas bualadh leat | **Nimefurahi kukufahamu** |
| Sea / Tá | **Ndio** | An bhfuil Béarla agat? | **Unaazungumza Kiingereza?** |
| Ní hea / Níl | **Hapana** | Ní thuigim | **Sielewi** |

Tá roinnt rabhlóg sa tSvahaílis chomh maith. Cé nach bhfuil siad chomh húsáideach céanna, tá spraoi ag baint leo!
Déan iarracht iad a rá go mall agus ansin ardaigh an luas — cé chomh gasta agus is féidir leat iad a rá?

**Kichwa cha twiga**

Cloigeann sioráif

**Mpishi mbishi kapika mchicha mbichi.**

Rinne an cócaire spionáiste nach raibh lánchócaráilte.



# Foghlaim Teanga Eile




Tá spórt agus spraoi ag baint le teanga eile a fhoghlaim, agus cuidíonn sé leat cumarsáid a dhéanamh le níos mó daoine agus foghlaim faoi chultúr eile! Roghnaigh teanga. Faigh amach cén dóigh leis na focail a rá agus scríobh síos iad. Má tá aithne agat ar dhuine a bhfuil teanga eile acu, thiocfadh leat iarraidh orthu cuidiú a thabhairt duit. Nó, is féidir leat úsáid a bhaint as leabhair nó as an idirlíon le cuidiú leat le do chuid taighde.



**Dia duit:** ______________________

**Slán:** ______________________

**Le do thoil:** ______________________

**Go raibh maith agat:** ______________________

**Go ndéana a mhaith duit:** ______________________

An féidir leat teacht ar rabhlóg nó ar sheanfhocal sa teanga a roghnaigh tú? Scríobh síos é, agus an ciall atá leis. Tarraing pictiúr leis an mhíniú a thaispeáint.

**Frása:**

**Ciall:**


# Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta: Bochtanas

## Cé hiad Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta (TFS)?

Is carthanas iad TFS ar mhaith leo cuidiú le daoine a mhaireann ar an ghannchuid agus atá ag maireachtáil i gcruatan.

**Bunriachtanais**
**Tá ceithre bhunriachtanas ag daoine le maireachtáil. Is iad sin: bia, uisce, foscadh agus rud a choinníonn te muid (msh. éadaí agus teas).**

**Bochtanas**
Má tá duine beo bocht, tá ar a laghad ceann amháin de na bunriachtanais nach bhfuil acu. Má mhaireann duine i ngarbhochtanas, tá na ceithre bhunriachtanas acu ach níl siad in inmhe rudaí eile a cheannach, mar shampla, milseáin, ticéid don phictiúrlann, consól cluichí, léinte úra peile, teilifís agus rudaí eile.




Chomh maith leis na ceithre bhunriachtanas, tá riachtanais eile de dhíth ar dhaoine sa dóigh ‘is gur féidir leo saol sásta, folláin a bheith acu. An féidir leatsa na pictiúir thuas a chur sa chatagóir ceart: riachtanais agus mianta? Tá spás ann fosta do chuid de do chuid smaointe féin. Cinntigh ar chúl an phaca le feiceáil ar éirigh leat na freagraí céanna a fháil agus a fuair muidne.

**Riachtanais:**

- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________

**Mianta:**

- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________
- ☆ __________

# Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta: Cad chuige 'Uirlisí'?

Seolann TFS uirlisí agus innill fuála chuig ár n-eagraíochtaí comhpháirtithe sa Tansáin agus sa Mhaláiv. Is de chaighdeán i bhfad níos airde iad na huirlisí agus na hinnill a sheoltar ó Bhéal Feirste ná na cuid atá ar fáil le ceannach san Afraic. Amharc ar an turas a dhéanann na huirlisí/na hinnill sna pictiúir thíos. Ar an chéad leathanach eile, gheobhaidh tú amach cad é mar a rinne ceann de na hinnill fuála difear do shaol tailliúra darb ainm Rachel sa Tansáin.

*Déan do mhacnamh:* Cad chuige a sheolann TFS uirlisí agus innill fuála agus ní airgead amháin, i do bharúil? Cad é is féidir linn a bhaint amach le huirlisí? Faigh amach ar an chéad leathanach eile.

1. Bailíonn/Faigheann muid síntiúis ó dhaoine fud fad na hÉireann.



2. Ag réiteach na huirlisí sna catagóirí cearta inár gceardlanna







3. Athchóiriú agus glanadh

4. Ag líonadh an coimeádáin sula seoltar ar shúil é





5. Baineann an coimeádán an Tansáin amach.





6. Tá an t-inneall úr / na huirlisí úra ag an cheardaí /táilliúir anois.



# Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta (TFS): Cad chuige 'Uirlisí'?

**Ar smaoinigh tú faoi cad chuige a sheolann TFS uirlisí agus innill fuála in ionad airgid?**

Cuidíonn uirlisí agus innill fuála le daoine a gcuid gnóthaí a thosú nó a fheabhsú. Cuidíonn siad leo, mar sin de, a gcuid ioncaim a mhéadú, rud a chuidíonn lena dteaghlaigh. Is í an fhadhb a bhaineann le hairgead a sheoladh ná go mbíonn sé imithe nuair a chaitear é. Tá uirlisí inacmhainne d'ardchaighdeán de dhíth ar cheardaithe. Níl siad seo ar fáil go forleathan san Afraic fho-Shahárach. Bíonn siad de dhroch-chaighdeán, nó bíonn siad iontach costasach. Tá na huirlisí agus na hinnill a sheoltar ó Bhéal Feirste buan agus seasmhach, rud a chiallaíonn go mbainfidh na ceardaithe tairbhe astú go ceann i bhfad.



**Cad chuige a mbíonn uirlisí de dhíth orainn?**
Smaoinigh ar a oiread freagraí agus is féidir leat (agus ansin cinntigh na freagraí ag cúl an phaca).

## Táilliúir sa Tansáin: Scéal Rachel

Seolann TFS innill fuála go hionad fuála agus oiliúna Mwanza (MSTC) i gCeantar na Lochanna sa Tansáin. Cheannaigh Rachel a hinneall fuála ansin sa bhliain 2019. Rinne sí oiliúint leis an MSTC fosta. Mhothaigh sí go raibh an oiliúint ghnó an-úsáideach mar gur féidir léi méid na gculaith ar féidir léi a dhéanamh le rolla amháin d'éadach a mheas anois, chomh maith leis an mhéid brabúis a dhéanfaidh sí a oibriú amach. Anuas ar an oiliúint, is mó an buntáiste atá faighte aici óna hinneall fuála. Mhéadaigh a cuid ioncaim ó 90,000 scilling Tansáine (TSh) go 150,000 TSh in aghaidh na míosa. Is mian léi siopa táilliúra a oscailt amach anseo, agus tá súil aici go leanfaidh an MSTC ar aghaidh le bheith ag cuidiú le daoine a bhfuil míchumais orthu.



1. Cá háit sa Tansáin ina bhfuil Mwanza?

______________________

2. Cén t-ardú a tháinig ar ioncam Rachel?

______________________

3. Cad é a ba mhaith le Rachel a dhéanamh sa todhchaí?

______________________

______________________

# An Aithníonn tú na hUirlisí seo?

Scríobh an litir chuí ionas gur féidir leat na híomhanna a nascadh leis an tsainmhíniú cuí. Cinntigh do chuid freagraí ag cúl an phaca!



**a) Greamaire**



**b) G-Chlampa**



**c) Castaire**



**d) Toireasc**



**e) Scriúire**



**f) Siséal**



**g) Plána**



**h) Casúr**

1) Úsáidtear mise le tairní a bhuaileadh isteach. ___

2) Gearraim agus bainim sliseoga d'adhmad. ___

3) Cuirim isteach agus bainim amach scriúnna. ___

4) Is féidir liomsa sreang a ghearradh. Fosta, is féidir liom greim a choinneáil ar rudaí. ___

5) Coinním rudaí le chéile go docht daingean, agus coinním socair iad. ___

6) Déanaim dromchla cothrom ar adhmad. Is ____ mé.

7) Baineann daoine úsáid asam le hadhmad a ghearradh. ___

8) Cuidím chun cnónna agus boltaí a theannadh agus a scaoileadh. ___


# Cuardach Focal – Uirlisí ar Iarraidh

Tá na huirlisí faoina raibh muid ag foghlaim caillte sna litreacha thíos.
Is féidir leis na focail dul suas nó síos, chun tosaigh, droim ar ais nó go fiarthrasna!

An féidir leat teacht ar na huirlisí atá ar iarraidh? Agus ar na rudaí a mbaineann muid úsáid astú?



| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | U | N | S | D | H | P | M | F | H | M | L | Q | T | A |
| M | I | S | É | B | Í | L | G | É | C | É | T | E | S | N |
| Ó | E | G | C | S | K | A | G | A | Ó | G | O | I | U | N |
| C | U | P | R | R | H | J | S | C | B | I | I | K | Í | Ú |
| C | K | S | K | E | I | T | A | S | H | P | R | F | A | I |
| C | L | Á | R | R | A | Ú | Í | I | F | L | E | N | R | R |
| S | A | S | E | I | O | M | I | N | Q | Í | A | Ó | N | C |
| I | N | S | R | K | U | M | A | R | R | I | S | M | F | S |
| S | N | E | Ú | S | Q | P | Í | I | E | I | C | Ú | P | U |
| É | Ó | O | A | R | M | U | A | Ú | R | S | A | Í | C | A |
| A | N | K | J | F | P | D | T | L | F | E | É | T | D | A |
| L | C | T | T | P | K | U | L | J | A | N | Á | L | P | S |
| N | Ú | F | T | Á | L | A | O | A | B | M | M | D | S | U |
| D | M | K | O | P | I | I | B | M | I | I | O | A | R | T |
| T | G | N | R | R | U | I | Ú | H | I | M | M | B | É | U |



Uirlisí atá ar iarraidh:

GREAMAIRE
G-CHLAMPA
CASTAIRE
TOIREASC

SCRIÚIRE
SISÉAL
PLÁNA
CASÚR

Rudaí a mbaineann muid úsáid astú:

CNÓNNA
BOLTAÍ
TAIRNÍ
SCRIÚNNA

# An Scoil agus an Saol sa Tansáin: Cad é a deir na Daltaí?

Labhair Manon agus Birgit ó TFS le daltaí i mBunscoil Gilgal agus Meánscoil an Agnes Trust le foghlaim faoi chúrsaí scoile, cúrsaí saoil agus cúrsaí cultúir i gceantar Njombe sa Tansáin! Léigh ar aghaidh le tuilleadh eolais a fháil. Críochnaigh na gníomhaíochtaí agus na ceisteanna (tá réalt in aice leo). Beidh fuíollpháipéar de dhíth ort.

Buíochas le Martin Bahati Sanga, Rayson Kihega, Sweetbeth Augustino Mahenge, Clever Mhonjima, Christopher Emmanuel agus a gcuid comhscoláirí as a bheith ag insint dúinn faoin saol ina gcuid scoileanna agus ina dtír!

*Cén t-am a thosaíonn agus a chríochnaíonn an scoil?*
Bunscoil Gilgal: 8-3.30
Agnes Trust: 7-4.30
Dar fia — tús luath!

Cé chomh fada agus atá do lá scoile féin?

*I scoil an Agnes Trust déanann na daltaí staidéar ar: mata, an tSvahaílis, Béarla, bitheolaíocht, tíreolaíocht, stair, saoránaíocht, litríocht an Bhéarla, fisic agus ceimic.*



Cad iad na hábhair a ndéanann tusa staidéar orthu? Cé acu is fearr leat?



Bunscoil Gilgal

*Cad é a ba mhaith leat a dhéanamh agus tú i do dhuine fásta?*
dochtúir, saighdiúir, péas, píolóta, ceoltóir, altra, innealtóir, poitigéir

Déan suirbhé i do rang féin ag fiosrú cad é a ba mhaith le daoine a dhéanamh agus iad fásta. Léirigh do chuid torthaí i mbarrachairt. Ar roghnaigh do rangsa rud ar bith mar an gcéanna leis na daltaí ón Tansáin?

*Cad iad na gnéithe áirithe de chultúr na Tansáine?*

Tá daoine iontach fáiltiúil. Tá cuid mhór treibheanna ann, mar shampla, treibh fánaíochta an Maasai.

An raibh a fhios agat? Tá thart[1] faoi 120 treibheanna sa Tansáin! Go hiontach!

Fiosraigh ciall na bhfocal:

Treibh:

Fánaíocht:

Ceol

Is maith le cuid mhór de na daltaí Bongo Flava — stíl ceoil de chuid na Tansáine!

Cé mhéad seánra ceoil ar féidir leatsa a ainmniú?

Ainmnigh uirlisí traidisiúnta ó do thír féin.



Faigh níos mó amach ar an chéad leathanach eile...

[1] Eolas ó https://kids.nationalgeographic.com/geography/countries/article/tanzania





Meánscoil an Agnes Trust



Amharc ar na grianghraif. Anois samhlaigh do scoil féin, tailte na scoile, do chulaith scoile, srl. Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí?

*Cad iad na cineálacha bia a itheann daoine sa Tansáin?*
*rís, ugali, prátaí, pónairí, puimcíní, cassava, arán, makande*

An-deas! An féidir leatsa bia ó do cheantar féin a ainmniú? Scríobh agus maisigh biachlár bunaithe ar do thír/cheantar féin.




**ugali** — cineál bracháin/leite déanta de ghrán buí.

**makande** - déanta le grán buí agus pónairí, is féidir leat glasraí agus spíosraí a chur leis.

**cassava** - meacan ar féidir a róstadh, a bhruith nó a ithe úr

*Cad é is maith leat faoin Tansáin?*
Is maith linn...

- an cultúr
- na traidisiúin
- an aimsir
- an timpeallacht
- na páirceanna náisiúnta
- an tSvahaílis
- an ceol
- an bia

*An athrófá aon rud faoin Tansáin?*

- cúrsaí teicneolaíochta a fheabhsú
- cúrsaí oideachais a fheabhsú
- dul i ngleic leis an bhochtanas

Déan taighde ar an Tansáin agus ar an 8 bpointe thuas. Cruthaigh leabhrán dathúil bunaithe ar an mhéid a d'fhoghlaim tú. Déan cinnte go gcuireann tú pictiúir isteach ann!

Tá ceantair bhochta ar fud an domhain. Foghlaim faoin bhochtanas ar leathanach 14.

Déan do mhachnamh: Cad é is maith leat faoin cheantar as a dtagann tú? An athrófá aon rud faoi?

# Ar Scoil sa Tansáin: Léargas ó na Múinteoirí

Labhair Manon agus Birgit ó TFS le múinteoirí sa Tansáin fosta (buíochas ó chroí leis na múinteoirí a ainmníodh ag tús an leabhráin seo). Léigh a n-agallamh agus aimsigh gníomhaíochtaí a bhfuil dath buí orthu le críochnú!

Déan do mhachnamh: An féidir leat a mhíniú an dóigh a n-oibríonn an córas scoile anseo? An córas cothrom é? An athrófá aon rud faoi?

1. *Cén dóigh a n-oibríonn an córas scoile sa Tansáin?*

Tá bunscoileanna againn (7-13 bliana d'aois), oideachas gnáthleibhéal (14-18 mbliana d'aois), oideachas ard leibhéal (18-21 bliana d'aois) agus leibhéal na hollscoile (21-24 bliana d'aois). Tá oideachas saor in aisce ann, go háirithe do leibhéal na bunscoile agus don oideachas ag an ghnáthleibhéal — ní íocann teaghlaigh táillí ach cuireann siad trealamh scoile ar fáil do na páistí ar nós málaí, cóipleabhair agus éide scoile. Tá scoileanna príobháideacha ann fosta, áit a n-íocann teaghlaigh táillí.

2. *Cad iad na hacmhainní agus na háiseanna atá ar fáil sa scoil s'agat? An sampla tipiciúil í do scoilse de scoil Thansánach?*

Sea (is sampla tipiciúil í). Tá leabhair, cláir dhubha, táblaí agus cathaoireacha agus trealamh spóirt ann.

Déan do mhachnamh: Cad iad na háiseanna atá ann i do scoil féin? An bhfuil siad difriúil ó na cinn a luadh?

Gníomh: Cuir duine níos sine ná thú faoi agallamh faoina gcuid laethanta scoile. Ar athraigh mórán ó shin? Thiocfadh leat taifead a dhéanamh ar an agallamh, fiú, agus a thaispeáint do do rang. Iarr cead ar dtús!

3. *Má fhágann páiste an scoil, an bhfuil deiseanna eile ar fáil dóibh?*

Tá deiseanna eile ann taobh amuigh den scoil, cosúil le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus ceardaíochta. Tá gairmoiliúint ann fosta (le ceird a fhoghlaim).

4. *Cad iad na fadhbanna a gcaithfidh tú a dhul i ngleic leo mar mhúinteoir sa Tansáin?*

Bíonn easpa ábhar teagaisc ann, amhail leabhair agus ríomhairí chun cuardach a dhéanamh ar ábhair éagsúla.

5. *Cén fáth a mbíonn sé deacair do pháistí áirithe anseo leanstan ar aghaidh leis an oideachas?*

Tá an bochtanas ar cheann de na fadhbanna a chuireann bac ar dhaltaí a gcuid oideachais a fháil. Fadhbanna teaghlaigh. Bíonn daltaí ann nach mbíonn ábalta a bheith ag freastal mar gheall ar an fhad idir an baile agus an scoil.

6. *Cad é mar a théann inscne agus míchumas i bhfeidhm ar oideachas páistí?*

Maidir le hinscne, cuirtear beaguchtach ar chailíní ó thaobh staidéar a dhéanamh ar ábhair ar leith — eolaíocht mar shampla. Maidir le míchumas, ar an drochuair tá seans ann nach mbeidh páistí in ann oideachas a fháil mar gheall ar easpa ábhar tábhachtach a bheadh ina gcuidiú acu agus iad ag staidéar.

An raibh a fhios agat? Níl 50% de pháistí atá faoi mhíchumas ar fud an domhain ar scoil.[1] Gníomh: déan pictiúr a tharraingt nó a phéinteáil a bhfuil an teideal 'Oideachas do chách' air.

7. *Cad é an rud is fearr leat faoi bheith ag teagasc?*

Go n-éiríonn go geal le daltaí agus iad ag dul do m'ábhar scoile féin (Béarla). An dóigh a bhfreagraíonn daltaí ceisteanna a chuirim orthu. Iniúchadh a dhéanamh ar mo chuid scileanna féin.

Déan do mhachnamh: Is múinteoirí muid uilig — uaireanta bíonn muid ag teagasc dár gcairde, dár ndeartháireacha agus ndeirfiúracha, agus fiú dár bpeataí! Smaoinigh ar rud amháin a theagasc tú do dhuine roimhe seo.

[1] Eolas ó Unicef.org

# Colláis le Grianghraif ón Tansáine

Bhí iontas orainn ag amharc ar na mná seo ag iompar an rís seo ar fad...agus na héadaí daite uilig!







Cad iad na modhanna éagsúla taistil atá ann sa Tansáin? In Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe bíonn muid ag brath go mór ar charranna. Cad iad na fadhbanna a chruthaíonn sé seo don domhan?



Tá radharcanna agus fiadhúlra álainn sa Tansáin! Cén t-ainmhí atá ina bhfolach sa chrann seo? Cad é an t-ainm atá ar an sliabh thíos?






D'éirigh go han-mhaith leis na buachaillí seo agus iad ag athúsáid chun carranna bréige a dhéanamh! Cad iad na hábhair a d'úsáid siad? Cad iad na hábhair a d'athúsáid tú féin ar na mallaibh? Chun níos mó a fhoghlaim faoin athúsáid, téigh go leathanach 24.





Míle buíochas do Birgit agus Sam, oibrithe deonacha dár gcuid as na grianghraif.

Do shealsa atá ann anois! Déan colláis ina bhfuil grianghraif agus pictiúir a tharraing tú de do thír, do cheantar agus do chultúr. B'fhéidir gur mhaith leat pictiúir a chur isteach den dúlra, de radharcanna agus de dhaoine (tú féin san áireamh!) Chun smaointe a thabhairt daoibh, chuir muid ceist ar Aoibhe agus ar Thomas faoi na rudaí is fearr leo faoi Bhéal Feirste. Dúirt siad gurb iad Binn Uamha agus W5 na háiteanna is ansa leo sa chathair.




# Laghdú
# Athúsáid
# Athchúrsáil



Léiríonn an 3 fhocal seo cad é is féidir linn a dhéanamh le dul i ngleic le fadhb na dramhaíola...Ach cad chuige san ord sin?
Is fearr an laghdú ná an athúsáid, agus is fearr an athúsáid na an athchúrsáil...agus is fearr iad ar fad ná rudaí a chaitheamh ar shúil!
Cad chuige? Is mar gheall ar fhocal eile gurb amhlaidh seo: acmhainní!
Baintear úsáid as méid teoranta acmhainní chun ár gcuid stuif ar fad a dhéanamh.

**ÁBHAIR + FUINNEAMH + OBAIR + AM**






Cad chuige arb é an laghdú an focal is tábhachtaí thuas?

______________________________________________

______________________________________________

Cad chuige a bhfuil sé níos fearr próca a athúsáid in áit é a athchúrsáil?

______________________________________________

______________________________________________

An féidir leat smaoineamh ar 3 rud ar féidir a athchúrsáil?
Cad é a dtiocfadh leat iad a athúsáid ina n-ionad?

| **Athchúrsáil** | | **Athúsáid** |
|---|---|---|
| 1. ________________ | → | 1. ________________ |
| 2. ________________ | → | 2. ________________ |
| 3. ________________ | → | 3. ________________ |

# Téimis i ngleic leis an Dramhaíl!



An féidir leat cuidiú le Dáithí Diomailteach? Ceannaíonn sé cuid mhór rudaí nach bhfuil de dhíth air...ar nós na t-léinte atá sa chófra aige nár chaith sé go fóill iad...nó an bia sa chuisneoir aige a bhfuil dearmad déanta aige air agus a chaithfidh sé a chaitheamh ar shúil! Chomh maith leis sin, níl sé cinnte faoi na hábhair ar féidir linn athchúrsáil a dhéanamh orthu agus an chuid nach féidir. Chuala Dáithí go n-úsáideann muid barraíocht d'acmhainní an domhain agus ba mhaith leis rudaí a athrú. Ba mhaith leis níos mó a fhoghlaim faoin laghdú, athúsáid agus an athchúrsáil. Tá a lán daoine eile ann atá cosúil le Dáithí. Sa spás thíos, cruthaigh póstaer a léiríonn cén dóigh ar féidir linn dul i ngleic le fadhb na dramhaíola!

# Cad iad na Táirgí a thagann ón Afraic?




Tá nasc againn leis an Afraic ar chuid mhór bealaí. Feictear cuid de na táirgí a fhaigheann muid ón Afraic anseo.

Léarscáil curtha ar fáil ag An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Mar a fheiceann tú ón léarscáil ar an leathanach roimhe, is féidir linn tae a fháil ón Tansáin agus tíortha eile Afracacha.

## Cad é eile a fhaigheann muid ón Afraic? (Amharc ar an léarscáil arís.)



- Tagann an miotal dár n_ _ _ _ _ _ _ _ as an Chongó.
Leid: Úsáideann muid iad chun cumarsáid a dhéanamh.

### An raibh a fhios agat?

- Díolann comhlachtaí áitiúla tae agus caife i dTuaisceart na hÉireann tae agus caife as an Tansáin. Is féidir teacht ar thae Tansánach i gcumasc tae bricfeasta de chuid 'Suki Tea', mar shampla.

### Bia agus Deochanna

- ____________
- ____________
- ____________
- ____________



# Cad é an rud é 'an Chóirthrádáil' (Fairtrade)?

Dia duit, is mise Adila. Is feirmeoir cacó cóirthrádála (Fairtrade) mé.



## Seo é mo shaol:

- Íoctar go cothrom mé ionas go bhfuil go leor agam le tacú le mo theaghlach.
- Is féidir liom oiliúint a fháil le feabhas a chur ar mo chuid feirmeoireachta.
- Is féidir le mo pháistí dul ar scoil.
- Faighim an méid céanna airgid agus a fhaigheann mo chomhghleacaithe fireann.



Dia duit, is mise Hasani. Ceannaíonn comhlacht neamhchóirthrádála (non-Fairtrade) mo chuid cacó.
Seo é mo shaol:
• Uaireanta bím ag streachailt le tacú le mo theaghlach mar go n-athraíonn an praghas a fhaighim do mo chuid pónairí cacó.
• Ní thugann an comhlacht a n-oibrím ar a shon tacaíocht dúinn lenár gcuid feirmeoireachta agus ní féidir linn idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an airgead a fhaigheann muid.
• Níl mé in ann ach mo pháiste is sine a chur chun na scoile.
• Caitear le mná i m'áit oibre ar bhealach níos measa arís ná mar a chaitear liomsa.

# Cóirthrádáil (Fairtrade)

**Is feirmeoirí cacó iad Adila agus Hasani beirt ach tá difear idir a saoil.**

Cad iad na difríochtaí?

Cad chuige a síleann tú gur rud maith é a bheith ag ceannach táirgí cóirthrádála?

Seo é siombal na cóirthrádála (siombal Fairtrade).
Smaoinigh: Cá háit a bhfaca tú é roimhe seo?

FAIRTRADE

# Léitheoireacht: Bláthanna Cóirthrádála (Fairtrade)

Tá go leor táirgí cóirthrádála éagsúla ann. Tá bláthanna cóirthrádála ann fiú. Léigh an fhaisnéis maidir le 'Bláthanna Cóirthrádála' ar an chéad leathanach eile chun na ceisteanna thíos a fhreagairt. Nuair a chríochnaíonn tú is féidir leat do chuid freagraí a sheiceáil ar chúl an phaca.

1. Cá mhéad oibrithe bláthanna a bhaineann leas as bheith ag obair le Cóirthrádála?

2. Ainmnigh 4 thír san Afraic Thoir ina bhfuil tú in ann teacht ar bhláthanna Cóirthrádála.

3. Cad é an leas a bhaineann le híosphá cóirthrádála d'oibrithe bláthanna?

4. Cad é mar a chuidíonn Caighdeáin Chóirthrádála leis an chomhshaol a chosaint?

5. Cé acu tír a tháirgeann an méid is lú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh rósanna?

☐ An Ísiltír
☐ An Chéinia

6. Is é atá sa Bhiseach Chóirthrádála ná airgead breise a fhaigheann oibrithe le caitheamh ar a gcuid bpobal lena bhfeabhsú. Cad iad na rudaí a chaith Grace agus a pobal an Bhiseach Chóirthrádála orthu?

# Bláthanna Cóirthrádála

Ciallaíonn Cóirthrádáil go bhfaigheann feirmeoirí agus oibrithe ar fud an domhain praghsanna níos fearr do na hearraí a tháirgeann siad. Tá níos mó ná 50,000 oibrí bláthanna ag obair le Cóirthrádáil chun margadh níos fearr a fháil. Oibríonn siad go dian chun na bláthanna a fhás, a bhaint agus a phacáil ionas gur féidir linn taitneamh a bhaint astu ar fud na bliana!

**Cá bhFásann Bláthanna Cóirthrádála?**

Tagann beagnach gach bláth Cóirthrádála ó thíortha na hAfraice Thoir lena n-áirítear an Chéinia, an Aetóip, an Tansáin agus Uganda. Tá feirmeacha bláthanna Cóirthrádála le fáil in Eacuadór agus Srí Lanca fosta.

**Cad é atá i gCeist le Cóirthrádáil d'Oibrithe Bláthanna?**

Tá go leor buntáistí ag baint le bheith ag obair ar fheirm bláthanna atá deimhnithe ag Cóirthrádáil! Tá íosphá d'oibrithe bláthanna leagtha síos ag Cóirthrádáil, rud a chiallaíonn nach féidir iad a íoc níos lú ná méid áirithe. Chomh maith leis sin, faigheann na hoibrithe Biseach Chóirthrádála as gach gas blátha a dhíolann siad. Is airgead breise atá sa mhéid seo ar féidir é a úsáid chun tairbhe an phobail ar fad. Is iad na hoibrithe a dhéanann an cinneadh ar cad é mar a chaithfear an t-airgead.

Léamh, tuiscint agus ceisteanna ó https://schools.fairtrade.org.uk/

# Bláthanna Cóirthrádála

**An raibh a fhios agat?**
Go bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó rósanna a fhás san Ísiltír 5.5 oiread níos airde ná rósanna Fairtrade (Cóirthrádála) a fhástar sa Chéinia.
Tá 69 dath éagsúil de bhláth Cóirthrádála ar fáil sa RA. Cén dath de bhláth is fhearr leatsa?

**Caighdeáin Chóirthrádála**
Cuidíonn na Caighdeáin Chóirthrádála le feirmeoirí i mbealach nach ndéanann dochar don chomhshaol. Ní mór d'fheirmeacha bláthanna Cóirthrádála teorainn a chur ar an mhéid ceimiceán agus lotnaidicídí a úsáideann siad.



Oibríonn Grace ar fheirm bláthanna atá deimhnithe ag Cóirthrádáil sa Chéinia. Tá úsáid bainte as an Bhiseach Chóirthrádála ag Grace agus a pobal le leigheas a cheannach, táillí scoile do na páistí a íoc, agus cócaireáin dá dtithe.

Léamh, tuiscint agus ceisteanna ó https://schools.fairtrade.org.uk/

# Cluiche Boird Bananaí Cóirthrádála

Fáilte go Panama! An féidir leat dul ó Fheirm Marcial go dtí an calafort go sábháilte?
Léigh na treoracha ar an leathanach seo agus bain úsáid as an chluiche ar an chéad leathanach eile le himirt!

Beidh na rudaí seo de dhíth ort:


- cóip den chluiche ar an chéad leathanach eile
- roinnt licíní (is féidir dathanna éagsúla a dhéanamh má dhathaíonn tú píosaí fuíollpháipéir)
- dísle
- cártaí dúshláin (lch. 36) — iarr cuidiú leis na cártaí a ghearradh amach
- cártaí fíora agus bréagacha (lch. 37) — iarr cuidiú leis na cártaí a ghearradh amach

3 — 4 imreoir (nó is féidir an cluiche a imirt i bhfoirne má tá go leor daoine ann)

Treoracha:
1. Déan an dísle a chaitheamh i ndiaidh a chéile. Bíonn an chéad imirt ag an imreoir nó ag an fhoireann leis an uimhir is mó.
2. Bog do licín an oiread spásanna a léiríonn an dísle.
3. Beidh an t-ádh leat agus beidh luas fút má stopann tú ar uimhreacha áirithe, ach bí cúramach, tá contúirtí ann a chuirfidh siar thú!
4. Má stopann tú ar iolra de 5 (seachas 20 agus 30) caithfidh tú ceist a fhreagairt ó na cártaí fíora nó bréagacha. Má éiríonn leat an freagra ceart a fháil, bog chun tosaigh 3 spás!
5. Má stopann tú ar iolra de 7, caithfidh tú cárta dúshláin a thógáil agus tabhairt faoin dúshlán.
6. Chun an bua a bheith agat, bain an calafort amach ar dtús. Ádh mór ort!







Cluiche Boird Bananaí Cóirthrádála athchóirithe ó bhunleagan, curtha ar fáil ag https://schools.fairtrade.org.uk/

# Tar isteach chuig Coobana ComercioJusto

Fáilte go Panama! Is é seo ár gcomharchumann banana. An féidir leat dul ó fheirm Marcial chuig an chalafort go sábháilte?

Tús

1

2

3

4 Bog spás amháin chun tosaigh

Comhghairdeas. Tá an deimhniú Cóirthrádála (Fairtrade) faighte agat!

5

6 Bog dhá spás chun tosaigh

Foghlaimíonn tú an dóigh le dramhaíl a laghdú agus le hairgead a shábháil ag oiliúint Chóirthrádála.

7

8

9 Bog trí spás chun tosaigh

Bogann tú isteach i do theach úr.

10

Bog siar trí spás

Cuireann ollmhargadh sa Ríocht Aontaithe deireadh le do chuid bananaí a dhíol – cuirtear deireadh leis an bhiseach Cóirthrádála.

12

13

14

15

16

17 Bog dhá spás chun tosaigh

Déanann tú do bhrabús a infheistiú agus tagann méadú 50% ar do tháirgeadh.

18

19

20 Bog siar chuig an tús

Scriosann fungas marfach do chuid barr.

21

22 Bog trí spás chun tosaigh

Tógann scoil an tsráidbhaile sicíní. Coinníonn tú cuid acu agus díolann tú na huibheacha.

23

24

25

26

27

28

29

30 Caith an dísle arís

Baineann tú an stáisiún pacála bananaí amach – ná déan dearmad den trealamh sábháilteachta!

31

32 Bog siar trí spás

Tagann méadú ar chostas cairtchláir. Tagann laghdú ar do bhrabús.

33

34

35

36 Bog dhá spás chun tosaigh

Tá tionscadal caomhnaithe agat agus sábhálann tú turtair óga.

Scriosann hairicín do chuid barr.

37 Bog siar chuig an tús

38

39

40

41

42

43 Bog trí spás chun tosaigh

Faigheann tú deontas do leabhair scoile do pháiste.

44

45

46

47

48

49

CALAFORT AN BEALACH SEO

50

CRÍOCH

Comhghairdeas! Tá tú réidh le trádáil a dhéanamh le do chuid bananaí.

FAIRTRADE FORTNIGHT 2018
26 FEBRUARY – 11 MARCH

FAIRTRADE

Photos: Eduardo Martino, Steve Halama, Nick Tiemeyer, Simson Petrol Registered charity no. 1043886

# Cártaí Dúshláin

Ainmnigh an oiread táirgí cóirthrádála agus is féidir leat.

Caithfidh an t-imreoir/an fhoireann na súile a choinneáil druidte ar feadh seal iomlán.

Cum rosc faoi bhananaí nó an Chóirthrádáil sula dtéann tú ar aghaidh.

Tabhair an míniú is fearr agus is féidir leat ar cad chuige ar chóir dúinn tacaíocht a thabhairt don Chóirthrádáil agus an bealach is fearr le seo a dhéanamh.

Léim ar chos amháin do dtí do chéad sheal eile!

Tabhair an míniú is fearr agus is féidir leat ar cad é an rud é comharchumann.

Ainmnigh na dathanna i lógó na Cóirthrádála.

Cum damhsa beag sula dtéann tú ar aghaidh.

Ainmnigh 3 rud is féidir linn ithe le bricfeasta folláin a bheith againn.

Ainmnigh tír i Meiriceá Láir.

Cluiche Boird Bananaí Cóirthrádála athchóirithe ó bhunleagan, curtha ar fáil ag https://schools.fairtrade.org.uk/

# Cártaí Fíora nó Bréagacha



Fásann bananaí ar chrainn.
**Bréagach – fásann bananaí mar phlanda. Is luibheanna iad i ndáiríre!**

Díolann ollmhargaí an chuid is mó de na bananaí sa Ríocht Aontaithe.
**Fíor – díoltar 80% de bhananaí sa RA in ollmhargaí.**

Déantar barraí seacláide de phónairí.
**Fíor – ní de phónairí bácáilte ar ndóigh...de phónairí cacó!**

Fásann crainn chacó san fhásach.
**Bréagach – bheadh an fásach róthirim do phónairí cacó le fás ann. Is í an fhorais bháistí an áit is fearr le crainn chacó a fhás.**

Ar an mheán, itheann duine sa RA thart ar 100 banana sa bhliain.
**Fíor**

Is ábhar é cadás a thagann ó chaoraigh.
**Bréagach – is planda é cadás! Mar aon le seacláid agus le bananaí, is féidir cadás cóirthrádála a cheannach.**

Déantar 70% de na liathróidí peile atá fuaite de láimh sa Phacastáin.
**Fíor. Tá sé mar sprioc ag an Chóirthrádáil cinntiú go mbíonn pá níos cothroime agus coinníollacha oibre maithe ag oibrithe liathróidí peile.**

Ní bhíonn go leor airgid ag roinnt daoine a fhásann na rudaí a cheannaíonn muid chun saol sásta sláintiúil a bheith acu.
**Fíor. Is féidir le tionchar mór a bheith ag na roghanna a dhéanann muid, áfach. Is féidir linn cinntiú go mbíonn pá cothrom agus coinníollacha maithe ag oibrithe trí tháirgí cóirthrádála a cheannach.**

Ní fhásann cnónna Brasaíleacha ach sa Bhrasaíl.
**Bréagach – fásann cnónna Brasaíleacha i dtíortha amhail an Bholaiv agus Peiriú, chomh maith leis an Bhrasaíl.**

Is airgead é an Biseach Cóirthrádála ar féidir le hoibrithe úsáid chun tairbhe a bpobal.
**Is airgead é an Biseach Cóirthrádála ar féidir le hoibrithe úsáid chun tairbhe a bpobal.**

Cluiche Boird Bananaí Cóirthrádála athchóirithe ó bhunleagan, curtha ar fáil ag https://schools.fairtrade.org.uk/

# Freagraí

**An Áit Chothrom í an Domhan?**

1. 9
2. 12
3. 22
4. 18
5. 14

**Maidir leis an Afraic**

1. thart ar 1 billiún
2. 54
3. Kilimanjaro
4. Loch Victoria
5. An Níl
6. An Ailgéir
7. Na Séilséil
8. thart ar 2,000 – An raibh a fhios agat? Tagann thart ar aon trian de theangacha an domhain ón Afraic[1]! Dar fia!

Tá stoc na gcrann seo an-tiubh agus faightear san Afraic don chuid is mó iad | Crann baobab

Teanga Oifigiúil na Tansáine | Svahaílis

An sliabh is airde san Afraic | Kilimanjaro

An Pháirc Náisiúnta is sine sa Tansáin | Serengeti

Tá teorainn ag an tír seo leis an Tansáin | An Chéinia

Gníomhaí ar son cearta daonna agus an chéad uachtarán dubh san Afraic Theas | Nelson Mandela

Chreid na hÉigiptigh fadó go raibh na hainmhithe seo beannaithe | Cait

Níl na hainmhithe seo le fáil áit ar bith seachas san Afraic | Gnúnna

Tá beagnach ___% de dhaoine fásta san Afraic gan léamh ná scríobh | 40%

Tá níos mó ná ___% de mhuintir na hAfraice faoi 25 bliain d'aois | 50%

An fharraige idir an Afraic agus an Eoraip | An Mheánmhuir

Ritheann an abhainn is faide ar domhan trí Thuaisceart na hAfraice | An Níl

**Learn about Africa with Dominoes**

**AnTansáin: Ainmhithe**

1. Kilimanjaro
2. gnú
3. gasail
4. eilifint
5. sioráf
6. séabra
7. leon
8. crogall
9. srónbheannach

**Svahaílis**

Haraka haraka haina baraka
Ciall: Déantar diomail le deifir

Hakuna masika yasiyokuwa na mbu
Ciall: Tagann drochrud éigin le gach rud maith

1 https://alp.fas.harvard.edu/introduction-african-languages

## Riachtanais agus Mianta

| Riachtanais: | Mianta: |
|---|---|
| foscadh | carr |
| oideachas | guthán |
| cúram sláinte | consól cluichí |
| cairde | |

## An Aithníonn tú na hUirlisí seo?

1) h
2) f
3) e
4) a
5) b
6) g
7) d
8) c

## Cad chuige a mbíonn uirlisí de dhíth orainn?

- Bíonn uirlisí de dhíth orainn chun:
- éadaí agus bróga a dhéanamh agus a chóiriú
- tithe, scoileanna agus ospidéil a thógáil
- bia a chur agus a bhaint
- carranna, feithiclí bóthair eile agus rothair a thógáil agus a chóiriú
- earraí tí amhail cócaireáin, potaí, pannaí agus buicéid a dhéanamh
- troscán a dhéanamh
- pluiméireacht a dhéanamh i dtithe agus soláthar uisce a chur ar fáil
- uirlisí a dhéanamh

## Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil

Cad chuige an bhfuil an laghdú níos tábhachtaí ná an dá cheann eile?
Is é an laghdú an ghníomhaíocht is tábhachtaí mar ciallaíonn sé nach mbaineann muid úsáid as acmhainní an domhain sa chéad dul síos. Ciallaíonn sé go gceannaíonn muid níos lú rudaí. Mar sin de, déantar níos lú rudaí agus ní bhíonn an oiread céanna d'acmhainní ídithe. Is furasta an laghdú a dhéanamh mar nach bhfuil am, obair nó fuinneamh de dhíth. Smaoinigh – muna gceannaíonn tú rudaí nach bhfuil de dhíth ort, thiocfadh leatsa cuid mhór d'acmhainní an domhain a shábháil (msh. foraoisí). Is dea-scéal é seo don dúlra agus beidh níos lú truaillithe ann fosta! Tá an athúsáid agus an athchúrsáil tábhachtach fosta, ach ní shábháltar acmhainní an domhain an oiread céanna is a shábháltar leis an laghdú.

Cad chuige a síleann tú go bhfuil sé níos fearr próca a athúsáid ná é a athchúrsáil?
Ní dhéantar truailliú le hathúsáid. Déantar cuid truaillithe le hathchúrsáil mar go mbaineann muid úsáid as fuinneamh le rud nua a dhéanamh as an earra. Ní mór dúinn an t-earra (próca, sa chás seo) a bhriseadh nó a leá nó an dá rud. Sábháltar airgead fosta tríd an phróca a athúsáid – mar shampla má bhaineann muid úsáid as mar choimeádán pinn luaidhe, ní bheidh orainn dul amach agus coimeádán úr a cheannach do na pinn luaidhe. Tá níos mó spraoi ag baint leis an athúsáid fosta – is féidir linn an t-earra athúsáidte a mhaisiú nó a athrú cibé bealach a ba mhaith linn!

## Cé acu táirgí a thagann ón Afraic?

- *miotal dár nguthháin*
- bananaí
- seacláid (pónairí cacó)
- caife
- siúcra

## Léitheoireacht Bláthanna Cóirthrádála

1. Thar 50,000 oibrí bláthanna
2. An Chéinia, an Aetóip, an Tansáin, Uganda
3. Ciallaíonn íosphá Cóirthrádála nach féidir feirmeoirí a íoc níos ísle ná méid áirithe.
4. Tá teorann ann leis an mhéid ceimiceán agus lotnaidicídí a úsáideann siad ar na feirmeacha.
5. An Chéinia
6. Leigheas, táillí scoile agus cócaireáin

Oideachas ar son Forbairt Inmharthana




Tools For Solidarity / Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta
55A Sunnyside Street
Béal Feirste BT7 3EX
Guthán: +44 (0)28 9543 5972
Ríomhphost:
tools.belfast@myphone.coop




Tosaíonn an turas is faide leis an chéad chéim...